Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/831

5.2.2026

**BREITHIÚNAS NA CÚIRTE**

**an 16 Deireadh Fómhair 2025**

**i gCás E-1/25**

**Valair AG v Amt für Volkswirtschaft (Amt für Hochbau und Raumplanung (AHR))**

**(***Aeriompar — Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 — Na coinníollacha maidir le ceadúnas oibríochta a eisiúint — Airteagail 3 agus 4 — Comhchuibhiú***)**

(C/2026/831)

I gCás E-1/25, Valair AG v Amt für Volkswirtschaft (Amt für Hochbau und Raumplanung (AHR)) — IARRAIDH chuig an gCúirt faoi Airteagal 34 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú ó Bhord Achomhairc Lichtinstéin um Ábhair Riaracháin (*Beschwerde kommission für Verwaltungsangelegenheiten*), maidir le léirmhíniú Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1080/2008, i ndáil leis na coinníollacha maidir le heisiúint ceadúnas oibríochta a dheonú, thug an Chúirt, a bhí comhdhéanta de Páll Hreinsson, Uachtarán, (Breitheamh-Rapóirtéir) Michael Reiertsen agus Martin Ospelt (*ad hoc*), breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2025, arb é seo a leanas an chuid oibríochtúil de:

Ní mór Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal a léirmhíniú sa chaoi go mbunaítear leis liosta cuimsitheach de choinníollacha maidir le ceadúnas oibríochta a dheonú, agus go bhfuil cosc curtha dá réir sin ar an údarás inniúil ceadúnúcháin coinníollacha breise a fhorchur faoin Rialachán sin thar na cinn a liostaítear in Airteagal 4 féin.